



EUROPEAN
COURT
OF AUDITORS

Cosaint Sonraí

Oifigeach Cosanta Sonraí

Síntiúis chuig Nuachtlitir CIE Ráiteas Sonrach Príobháideachais

Baineann an ráiteas príobháideachais seo le próiseáil sonraí pearsanta ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), ar sonraí iad a bhailítear laistigh de chreat síntiúis Nuachtlitir CIE.

Tá cur síos thíos ar an gcaoi a ndéanann CIE do shonraí pearsanta a phróiseáil agus do phríobháideachas a chosaint.

Trí shíntiúis a thabhairt don Nuachtlitir, tugann tú do thoiliú don phróiseáil sonraí mar a thuairiscítear sa ráiteas seo.

Cé atá freagrach as do sonraí a láimhseáil?

Is é Stiúrthóir na hUachtaránachta CIE an rialaitheoir atá freagrach as an gcaoi a ndéantar do sonraí a phróiseáil.

Cén fáth a mbailimid do sonraí?

Tá gá le do sonraí ionas gur féidir linn Nuachtlitir CIE a chur chugat. Is féidir do sheoladh ríomhphoist a úsáid freisin le haghaidh suirbhéanna ó CIE. Sa chás sin, cuirfear in iúl duit an chúis atá leis an suirbhé agus tabharfar aon fhaisnéis ábhartha eile atá riachtanach chun próiseáil chothrom agus thrédhearcach a chinntiú.

Cad iad na rialacha lena rialaítear úsáid do sonraí?

Tugtar an creat dlíthiúil i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta CIE le [Rialachán \(AE\) 2018/1725](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus i dtaca le saorghluaiseacht de sonraí den chineál sin, agus fóras go bhfuil do thoiliú tugtha agat trí shuibscríobh.

Cad iad na sonraí pearsanta a bhailimid?

Bailimid do sheoladh ríomhphoist.

Cé aige a bhfuil rochtain ar do sonraí agus cé dó a nochtar iad?

Is é Stiúrthóireacht na hUachtaránachta CIE a dhéanann maoirseacht ar rochtain ar do sonraí pearsanta. Is féidir le foireann ainmnithe ag CIE rochtain a fháil ar do sonraí pearsanta, lena n-áirítear baill foirne ón Ardrúnaíocht. Féadfaidh Oifigeach Cosanta Sonraí CIE, an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí agus/nó an tOmbudsman Eorpach rochtain a fháil ar do sonraí freisin, más gá dóibh aghaidh a thabhairt ar aon ghearáin.

Conas a chosnaímid i gcoinne mí-úsáid fhéideartha á baint as do shonraí nó rochtain neamhúdraithe á fáil ar do shonraí?

Déanaimid na sonraí atá againn fút a stóráil go sábháilte i lárionad sonraí CIE, atá lonnaithe i Lucsamburg. Dá bhrí sin, cumhdaítear thú leis an iliomad beart atá glactha againn chun infhaighteacht, sláine agus rúndacht ár sócmhainní leictreonacha féin a chosaint.

Tá rochtain ar shonraí pearsanta teoranta do ghrúpa sonrach úsáideoirí. Tugtar cearta rochtana ar bhonn riachtanais eolais, ag cur san áireamh ról, post agus freagrachtaí an duine lena mbaineann. Tugtar na cearta sin cothrom le dáta ar bhonn leanúnach de réir mar a athraíonn tascanna na foirne.

Tá freagracht fhoriomlán ag Ard-Rúnaí CIE ar na rialacha maidir le cearta rochtana a chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh na rialacha maidir le cosaint sonraí, ach tá freagracht tarmhligthe aige sna réimsí sin faoi eintitis éagsúla.

Cinntíonn Oifigeach Slándála Faisnéise CIE go gcuirtear ár mbeartas slándála faisnéise chun feidhme mar is ceart agus go ndéantar na seiceálacha lena mbaineann a thástáil ar mhaithe le héifeachtúlacht.

Cá fhad a choimeádfaimid do shonraí?

Coimeádfar do shonraí pearsanta sa chóras go dtí go ndíliostálann tú nó go gcuirtear ar an eolas sinn nach bhfuil d'fheidhm nó do shonraí teagmhála ceart a thuilleadh. Is féidir leat díliostáil ag am ar bith trí scríobh chuig ECA-InstitutionalRelations@eca.europa.eu. Déanfaimid do phróifíl a scriosadh ón mbunachar sonraí a luaithe a bheidh fógra againn gur dhíliostáil tú. Déanfar do shonraí a scriosadh go hiomlán tar éis 30 lá.

Cad iad na cearta atá agat?

Tá sé de cheart agat rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta agus iad a bheith ceartaithe gan rómhoill más rud é go bhfuil siad míchruinn nó neamhiomlán. I gcúinsí áirithe, tá sé de cheart agat iarraidh go ndéanaimid do shonraí pearsanta a scriosadh nó an úsáid a bhaintear astu a shrianú.

Nuair is infheidhme, tá sé de cheart agat cur i gcoinne ár bpróiseála do shonraí pearsanta, mar gheall ar do chúinsí féin, tráth ar bith, agus tá sé de cheart agat iniomparthacht sonraí a bheith agat. Déanfaimid d'iarratas a mheas, glacfaimid cinneadh agus cuirfimid é sin in iúl duit gan rómhoill, agus i gcás ar bith laistigh de mhí tar éis d'iarratas a fháil. Féadfar síneadh ama dhá mhí a chur leis an tréimhse sin nuair is gá.

Tá do chearta ar do shonraí pearsanta leagtha amach in Airteagail 17 go 24 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Is féidir do chearta a fheidhmiú ach teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí, trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis theagmhála thíos.

Cé hé/hí an teagmhálaí sa chás go mbíonn ceisteanna nó gearáin agat?

Is é an chéad phointe teagmhála ECA-InstitutionalRelations@eca.europa.eu, atá faoi bhainistiú ag Stiúrthóireacht na hUachtaránachta CIE.

Má bhíonn tuilleadh faisnéise uait nó dá mba mhaith leat gearán a dhéanamh i ndáil le próiseáil do shonraí pearsanta, is féidir leat dul i dteagmháil freisin leis an Oifigeach Cosanta Sonraí:

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

An tOifigeach Cosanta Sonraí

12 rue Alcide de Gasperi

1615 Lucsamburg

LUCSAMBURG

Ríomhphost: eca-data-protection@eca.europa.eu

Sa bhreis air sin, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh, tráth ar bith, leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu).